



An Bhruiséal, 7 Meitheamh 2023  
(OR. en)

10027/23

---

---

Comhad Idirinstiúideach:  
2022/0401(APP)

---

---

SOC 415  
ANTIDISCRIM 117  
GENDER 119  
JAI 758  
FREMP 167

## NÓTA

---

ó: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)

chuig: An Chomhairle

---

Uimh. an doic. 9539/23  
roimhe seo:

---

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE um chaighdeán le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne sa réimse fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE

- *Cur chuige ginearálta*

---

## I. RÉAMHRÁ

An 7 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh um chaighdeán le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne sa réimse fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE.

Faoi reachtaíocht chomhionannais AE, ceanglaítear ar gach Ballstát ‘Comhlachtaí Comhionannais’ a ainmniú chun idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (Treoir 2000/43/CE), agus ar fhorais gnéis (Treoir 2004/113/CE) a chomhrac. Cuireann Comhlachtaí Comhionannais cúnamh ar fáil d’íospartaigh an idirdhealaithe, déanann siad suirbhéanna neamhspleácha, foilsíonn siad tuarascálacha, agus déanann siad moltaí maidir le hábhair a bhaineann le hidirdhealú. Faoi láthair, tá éagsúlacht shuntasach i sainordú agus in inniúlachtaí na gComhlachtaí Comhionannais ó Bhallstát go Ballstát. Is é is aidhm don Treoir atá beartaithe a ról agus a neamhspleáchas a neartú, íoschaighdeáin a leagan síos dá bhfeidhmiú, agus a sainordú a leathnú chuig na hábhair a chumhdaítear le Treoracha 79/7/CEE agus 2000/78/CE, nach dtugann cumhachtaí do na Comhlachtaí Comhionannais faoi láthair.

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 19(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), le dtugtar inniúlacht don AE chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach. Déanfar an Treoir atá beartaithe a chaibidil faoin nós imeachta reachtach speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) CFAE, a ngníomhóidh an Chomhairle dá réir d’aon toil tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ghlac an Coimisiún an togra in éineacht le togra eile maidir le caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais, le gcumhdaítear dhá Threoir eile maidir le Comhionannas agus atá bunaithe ar Airteagal 157 CFAE (an gnáthnós imeachta reachtach)<sup>1</sup>.

Thíolaic parlaimintí náisiúnta IT agus PT agus ceann den dá sheomra i bParlaimint CZ (Seanad) tuairimí maidir leis an togra ón gCoimisiún. D’eisigh parlaimint LT rún freisin maidir leis an togra<sup>2</sup>.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 22 Márta 2023<sup>3</sup>.

D’eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 2 Feabhra 2023<sup>4</sup>.

Tá forchoimeádas grinnsrúdaithe parlaiminte fós ag EE.

---

<sup>1</sup> Féach 10038/23.

<sup>2</sup> Ní raibh gá le hathbhreithniú ar an togra ar thaobh an Choimisiúin.

<sup>3</sup> 8910/23.

<sup>4</sup> 6296/23.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

Le linn don Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta<sup>5</sup> an togra a scrúdú, rinne an Uachtaránacht athbhreithniú forleathan ar an téacs chun na hábhair inní a chuir na toscaireachtaí in iúl a réiteach. Tá sé d'aidhm ag go leor de na modhnuithe a tugadh isteach freastal ar éagsúlacht agus ar shainiúlachtaí na gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm, agus tá Comhlachtaí Comhionannais curtha ar bun ag na Ballstáit go léir cheana féin i gcomhthéacs a gcreataí dlíthiúla agus riaracháin faoi seach.

Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhathruithe:

1. Soiléiríodh coincheap neamhspleáchas na gComhlachtaí Comhionannais in Airteagal 3, go háirithe maidir lena struchtúr eagraíochtúil agus inmheánach, agus maidir le feidhmiú a n-inniúlachtaí éagsúla.
2. Rinneadh athruithe freisin ar Airteagal 4 chun a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil do Chomhlachtaí Comhionannais agus, ag an am céanna, solúbthacht leordhóthanach a cheadú chun freastal ar na comhthéacsanna agus na córais náisiúnta éagsúla atá i bhfeidhm.
3. Ar mhaithe le soiléireacht níos fearr, roinn an Uachtaránacht Airteagal 8 ina dhá airteagal, airteagal amháin a bhaineann le 'Fiosruithe' (Airteagal 8) agus an ceann eile a bhaineann le 'Tuairimí agus cinntí' (Airteagal 8a).
4. Rinneadh athbhreithniú ar na roghanna atá ar fáil do na Ballstáit maidir le cumhachtaí dlíthíochta a thabhairt do Chomhlachtaí Comhionannais in Airteagal 9 chun a chur san áireamh go bhfuil éagsúlacht mhór idir córais dlí na mBallstát.

---

<sup>5</sup> Tionóladh cruinnithe an 10 agus an 20 Eanáir, an 7 Feabhra, an 2 Márta, an 20 agus an 21 Márta, an 18 agus an 19 Aibreán, agus an 15 agus an 25 Bealtaine 2023.

5. Maidir leis na sásraí a bhaineann le faireachán agus tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 16, soiléirítear sa téacs reatha go mbunófar na táscairí trí bhíthin gníomh cur chun feidhme atá le glacadh faoin nós imeachta scrúdúcháin. Ina theannta sin, foráiltear sa téacs athbhreithnithe spriocdháta (*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach*) faoina nglacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme, agus soiléirítear ann go mbainfidh na táscairí le ‘feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoin Treoir’ seachas le héifeachtaí praiticiúla na Treorach.
6. Athraíodh an tréimhse trasú go 36 mhí i gcomparáid le 18 mí sa togra ón gCoimisiún.

### III. AN TOGRA COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

An 31 Bealtaine, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh<sup>6</sup> faoi bhráid Coreper, d’fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag Comhairle EPSCO an 12 Meitheamh 2023. Thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an téacs ón Uachtaránacht. D’iarr toscaireacht amháin athruithe ar na forálacha a bhaineann le faireachán agus tuairisciú (Aithris 44 agus Airteagal 16), agus chuir toscaireacht eile in iúl go raibh inní uirthi fós agus chuir sí forchoimeádas grinnscrúdaithe isteach.

Agus é mar aidhm aici sainordú láidir agus an tacaíocht is leithne is féidir a fháil ó na toscaireachtaí, d’ullmhaigh an Uachtaránacht togra comhréitigh nua, a cuireadh faoi bhráid Coreper an 7 Meitheamh 2023<sup>7</sup>. D’athraigh an Uachtaránacht foclaíocht Airteagal 8 a bhaineann leis na cumhachtaí fiosrúcháin atá le tabhairt do Chomhlachtaí Comhionannais, agus thug sí abairt nua isteach in Airteagal 16 maidir le faireachán agus tuairisciú ina luaitear nach mbeidh na táscairí maidir le feidhmiú na gComhlachtaí Comhionannais chun críche rangaithe nó chun moltaí sonracha a eisiúint do Bhallstáit aonair.

Bhí beagnach gach toscaireacht in ann tacú leis an téacs comhréitigh nua agus ní raibh aon toscaireacht ina choinne.

---

<sup>6</sup> 9442/23.

<sup>7</sup> 9539/23.

#### IV. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle (EPSCO) teacht ar Chur Chuige Ginearálta maidir leis an téacs, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

Togra le haghaidh

**TREOIR ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí combhionannais i réimse na córa combhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa combhionainne sa réimse fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa combhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoir 2000/43/CE agus Treoir 2004/113/CE**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<sup>8</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>9</sup>,

---

<sup>8</sup> IO C , , lch. .

<sup>9</sup> IO C , , lch. .

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>10</sup>,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí<sup>11</sup>,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

<sup>10</sup> IO C , , lch. .

<sup>11</sup> IO C , , lch. .

- (1) Aithnítear i gConarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an ceart chun comhionannais agus an ceart chun neamh-idirdhealú mar luachanna bunúsacha de chuid an Aontais<sup>12</sup>, agus tá roinnt Treoracha maidir le toirmeasc ar idirdhealú glactha ag an Aontas cheana féin.
- (2) De bhun Airteagal 19(1) CFAE, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun dul i mbun comhraic an idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí agus laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas.
- (3) Is é an cuspóir leis an Treoir seo íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE<sup>13</sup>, 2000/43/CE<sup>14</sup>, 2000/78/CE<sup>15</sup> agus 2004/113/CE<sup>16</sup> ón gComhairle a neartú.
- (4) Le Treoir 79/7/CEE cuirtear toirmeasc ar idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, i gcúrsaí slándála sóisialta.
- (5) Le Treoir 2000/43/CE cuirtear toirmeasc ar idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.
- (6) Le Treoir 2000/78/CE cuirtear toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó claonta gnéis a mhéid a bhaineann le fostaíocht, slí bheatha agus gairmoiliúint.

<sup>12</sup> Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'), Airteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus Airteagal 21, 23 agus 26 den Chairt

<sup>13</sup> Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24).

<sup>14</sup> Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

<sup>15</sup> Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

<sup>16</sup> Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

- (7) Le Treoir 2004/113/CE cuirtear toirmeasc ar idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas a mhéid a bhaineann le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.
- (8) Ceanglaítear le Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE ar na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn, lena n-áirítear anailís, faireachán agus tacaíocht maidir le cóir chomhionann le haghaidh gach duine gan idirdhealú ar na forais a chumhdaítear faoi na Treoracha lena mbaineann (dá ngairtear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta). Ceanglaítear leis na Treoracha ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí comhionannais cúnamh neamhspleách a sholáthar d’íospartaigh, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon cheist a bhaineann le hidirdhealú dá leithéid.
- (9) Le Treoracha 2006/54/CE<sup>17</sup> agus 2010/41/AE<sup>18</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, déantar foráil freisin maidir le comhlachtaí comhionannais a ainmniú chun cóir chomhionann do gach duine a chur chun cinn, anailís a dhéanamh uirthi, faireachán a dhéanamh uirthi agus tacú léi gan idirdhealú ar fhorais inscne.
- (10) Tá comhlachtaí comhionannais bunaithe ag na Ballstáit go léir de bhun Threoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE. Tá córas ilghnéitheach de chomhlachtaí comhionannais curtha i bhfeidhm agus tá dea-chleachtais tagtha chun cinn. Mar sin féin, tá dúshlán os comhair a lán comhlachtaí comhionannais, go háirithe maidir leis na hacmhainní, an neamhspleáchas agus na cumhachtaí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

---

<sup>17</sup> Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

<sup>18</sup> Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

- (11) Le Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE tugtar lánrogha leathan do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le struchtúr agus feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais. Mar thoradh air sin, tá difríochtaí suntasacha idir na comhlachtaí comhionannais atá bunaithe sna Ballstáit, i gcomhthéacs sainorduithe, inniúlachtaí, struchtúir, acmhainní agus fheidhmiú oibríochtúil na gcomhlachtaí. Dá réir sin, ciallaíonn sé go bhfuil difríocht idir cosaint ar idirdhealú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.
- (12) Cé nach gceanglaítear le Treoracha 79/7/CEE agus 2000/78/CE ar na Ballstáit comhlachtaí comhionannais a ainmniú chun déileáil leis na hábhair a chumhdaítear leis na Treoracha sin, tá inniúlacht ag na comhlachtaí sin maidir leis na hábhair sin i bhformhór na mBallstát, i gcás ina leagtar síos an méid sin leis an dlí náisiúnta. Ní mar sin atá, áfach, i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn leibhéil éagsúla chosanta ann ar idirdhealú a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear leis na Treoracha sin ar fud an Aontais.
- (13) Lena áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais cur go héifeachtach le forfheidhmiú Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE trí chóir chomhionann a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cúnaimh a thabhairt do gach duine aonair agus do gach grúpa a ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh, le gur féidir leo rochtain a fháil ar cheartas ar fud an Aontais, is gá íoschaighdeáin a ghlacadh maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí sin, agus a sainordú a leathnú chun na hábhair a chumhdaítear le Treoracha 79/7/CEE agus 2000/78/CE a chur san áireamh. Cuirtear Moladh 2018/951<sup>19</sup> ón gCoimisiún san áireamh sna caighdeáin nua, agus leas á bhaint as cuid dá fhorálacha agus as an gcur chuige a mholtar ann. Baineann siad leas as ionstraimí ábhartha eile freisin, mar shampla Moladh Ginearálta Beartais Uimh. 2<sup>20</sup> maidir le comhlachtaí comhionannais arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) agus Prionsabail Pháras<sup>21</sup> arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe agus is infheidhme maidir le hinstiúidí náisiúnta um chearta an duine.

---

<sup>19</sup> Moladh (AE) 2018/951 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2018, maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais (IO L 167, 4.7.2018, lch. 28).

<sup>20</sup> Moladh Beartais Ghinearálta ECRI Uimh. 2 athbhreithnithe maidir le Comhlachtaí Comhionannais chun ciníochas agus éadulaingt ar an leibhéal náisiúnta a chomhrac - arna ghlacadh an 13 Meitheamh 1997 agus arna athbhreithniú an 7 Nollaig 2017.

<sup>21</sup> Prionsabail a bhaineann le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta a glacadh le Rún 48/134 ón Tionól Ginearálta an 20 Nollaig 1993.

- (14) Déantar foráil maidir leis na híoschaighdeáin cheangailteacha chéanna i ndáil le feidhmiú comhlachtaí comhionannais a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear le Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE i dTreoir (AE).../... [*maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa chomhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoir 2006/54/CE agus Treoir 2010/41/AE*<sup>22</sup>].
- (15) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le gníomhaíocht comhlachtaí comhionannais a mhéid a bhaineann leis na hábhair a chumhdaítear faoi Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE. Níor cheart baint a bheith ag na caighdeáin ach le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais agus níor cheart raon feidhme ábhartha nó pearsanta na dTreoracha sin a leathnú.
- (16) Agus cóir chomhionann á cur chun cinn, idirdhealú á chosc, sonraí á mbailiú faoi idirdhealú agus cúnaimh á thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais aird ar leith a thabhairt ar idirdhealú atá bunaithe ar roinnt foras a chosnaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE.
- (16a) (nua) Ba cheart do na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú. Féadfaidh na Ballstáit na hinniúlachtaí a roinnt idir roinnt comhlachtaí comhionannais, mar shampla trí chosc ar idirdhealú, cóir chomhionann agus cúnaimh a chur chun cinn d'íospartaigh a chur de chúram ar chomhlacht amháin, agus feidhmeanna cinnteoireachta a thabhairt do chomhlacht eile. Tá an treoir seo gan dochar d'inniúlachtaí cigireachtaí saothair nó comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile, chomh maith leis na comhpháirtithe sóisialta.

---

<sup>22</sup> COM(2022) 688.

- (17) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a chomhlíonadh go héifeachtach ach amháin má bhíonn siad ábalta gníomhú le neamhspleáchas iomlán gan bheith faoi réir aon tionchar seachtrach. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit roinnt beart a dhéanamh a chuirfidh le neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais. Féadfaidh comhlachtaí comhionannais a fheidhmiú inniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a bheith ina gcuid d'aireacht nó d'eintiteas eagraíochtúil eile, ar choinníoll go n-áiríteofar a neamhspleáchas. Le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh agus a n-inniúlachtaí a fheidhmiú, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a neamhspleáchas a choinneáil i ndáil le haon tionchar seachtrach, bíodh sé sin díreach nó indíreach, trí staonadh ó threoracha a lorg nó a ghlacadh ó aon duine. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta a n-acmhainní airgeadais agus eile féin a bhainistiú, lena n-áirítear trína bhfoireann féin a roghnú agus a bhainistiú, agus a bheith ábalta a dtosaíochtaí féin a shocrú laistigh den chreat dlíthiúil atá ann cheana. Ba cheart do na baill foirne a bhfuil post cinnteoireachta nó bainistíochta acu, bídís buan nó sealadach, mar shampla ceann nó leascheann an chomhlachta comhionannais agus, i gcás inarb infheidhme, comhaltaí an bhoird rialaithe, a bheith neamhspleách, cáilithe dá bpost, agus ba cheart iad a roghnú trí phróiseas trédhearcach. Is féidir trédhearcacht an phróisis sin a áirithiú, mar shampla trí fhógraí folúntais a fhoilsiú go poiblí.
- (18) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceadófar, leis an struchtúr inmheánach, mar shampla eagrúchán inmheánach agus próisis inmheánacha, a n-inniúlachtaí éagsúla a fheidhmiú go neamhspleách agus, i gcás inarb iomchuí, a bheith neamhchlaonta, trí choimircí iomchuí a bhunú i gcás ina bhfuil cúraimí a d'fhéadfadh teacht salach ar a chéile ag comhlachtaí comhionannais, go háirithe nuair a dhíríonn cuid de na cúraimí sin ar thacaíocht d'íospartaigh líomhnaithe. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais, go háirithe, gníomhú go neamhchlaonta agus fiosrúchán nó measúnú á dhéanamh acu ar chás, go háirithe nuair atá cumhachtaí cinnteoireachta ceangailteacha ag an gcomhlacht comhionannais.
- (18a) I gcás inar cuid de chomhlacht il-sainorduithe é an comhlacht comhionannais mar shampla ombudsman a bhfuil sainordú níos leithne aige nó institiúid náisiúnta um chearta an duine, ba cheart feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe shonraigh comhionannais a ráthú le struchtúr inmheánach an chomhlachta il-sainordaithe sin.

- (19) Tríd a bpróisis bhuiséadacha náisiúnta faoi seach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh comhlachtaí comhionannais acmhainní leordhóthanacha toisc go bhfuil sé sin ríthábhachtach dá bhfeidhmiú éifeachtach agus do chomhlíonadh a gcúraimí, lena n-áirítear foireann cháilithe, áitreabh agus bonneagar iomchuí chun gach ceann dá gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, laistigh de thréimhse réasúnach ama nó laistigh de na sprioc-amanna arna mbunú leis an dlí náisiúnta.
- (19a) Tá sé tábhachtach go bhfanfaidh leithdháileadh acmhainní airgeadais cobhsaí, go bpleanálfar é ar bhonn ilbhliantúil, agus go mbeidh comhlachtaí comhionannais in ann costais a d'fhéadfadh a bheith deacair a thuar a chumhdach, mar shampla i gcás [...] méaduithe a bheith tagtha ar ghearáin, ar chostais dlíthíochta agus ar úsáid córas uathoibríthe. Tá sé ríthábhachtach aird a dhíriú ar na deiseanna agus ar na rioscaí a bhaineann le húsáid córas uathoibríthe, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Go háirithe, ba cheart na hacmhainní daonna agus teicniúla iomchuí a bheith ag comhlachtaí comhionannais chun gur féidir leo córais uathoibríthe a úsáid dá gcuid oibre ar thaobh amháin agus measúnú a dhéanamh ar na córais sin a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha maidir le neamh-idirdhealú ar an taobh eile. I gcás gur cuid de chomhlacht il-sainorduithe an comhlacht comhionannais, ba cheart na hacmhainní is gá chun a shainordú comhionannais a chur i gcrích a áirithiú.
- (20)
- (21) Tá ról lárnach ag comhlachtaí comhionannais, in éineacht le gníomhaithe eile, maidir le hidirdhealú a chosc agus comhionannas a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun rannchuidiú leis an athrú sóisialta, ba cheart a thabhairt de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais gníomhaíochtaí a dhéanamh chun idirdhealú a chosc ar na forais agus sna réimsí a chumhdaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE agus chun cóir chomhionann a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin dea-chleachtas a roinnt, gníomhaíocht dhearfach agus príomhshruthú comhionannais in eintitis phoiblí agus phríobháideacha, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoir agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh. Tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanadh comhlachtaí comhionannais cumarsáid leis na geallsealbhóirí ábhartha agus go nglacfaidís páirt i ndíospóireacht phoiblí.

- (22) Mar aon le cosc, is cúram lárnach de chuid na gcomhlachtaí comhionannais é cúnaimh a thabhairt dóibh siúd a líomhnaítear gur íospartaigh idirdhealaithe iad. Leis an gcúnaimh sin ba cheart i gcónaí, ar a laghad, soláthar na faisnéise bunriachtanaí do ghearánaigh a áireamh, lena n-áirítear faisnéis maidir le cibé acu a dhúnfar nó nach ndúnfar an gearán nó más ann do na forais chun leanúint leis, ach amháin i gcás ina ndearnadh duine anaithnid an gearán. Tá na Ballstáit freagrach as na módúlachtaí a shainiú faoina gcuirfeadh an comhlacht comhionannais na gearánaigh ar an eolas, mar shampla creat ama an phróisis nó na coimircí nós imeachta lena gcoisctear gearáin atriallacha nó iomarcacha.
- (23) Lena áirithiú go mbeidh gach duine a líomhnaítear gur íospartach é in ann gearán a dhéanamh, ba cheart dóibh a bheith in ann gearáin a chur isteach ar bhealaí éagsúla. De réir Mholadh 2018/951 ón gCoimisiún, ba cheart go bhféadfaí an gearán a chur isteach i dteanga arna rogha ag an ngearánach ar teanga í atá coitianta sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht comhionannais lonnaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na cúiseanna le tearcthuairisciú, eadhon an eagla roimh bhearta díoltais, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais íospartaigh líomhnaithe a chur ar an eolas faoi na rialacha rúndachta is infheidhme.
- (24) Chun deis a thabhairt díospóidí a réiteach go tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag páirtithe réiteach eile ar dhíospóidí a lorg, bíodh sé sin mar atá á thairiscint ag an gcomhlacht comhionannais féin nó ag eintiteas tiomnaithe eile arb ann dó. I gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an próiseas sin gan réiteach, nó má dhiúltaíonn aon cheann de na páirtithe don toradh, níor cheart cosc a chur ar na páirtithe dul os comhair cúirte. Ba cheart dóibh módúlachtaí an phróisis eile réitigh díospóidí a shainiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
- (25) I gcás ina gceapann na comhlachtaí comhionannais go bhféadfadh sé gur sáraíodh prionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE nó 2004/113/CE, ba cheart dóibh a bheith ábalta fiosruithe a dhéanamh, go háirithe ag eascairt as gearáin nó ar a dtionscnamh féin.

- (26) Is ríthábhachtach fianaise a bheith ann chun a chinneadh an ndearnadh idirdhealú agus is minic nach mbíonn an fhianaise sin ag an duine a líomhnaítear gur íospartach é. Dá bhrí sin, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a dhéanamh amach an ndearnadh idirdhealú agus chun comhoibriú leis na comhlachtaí inniúla eile, ar féidir na seirbhísí poiblí ábhartha a áireamh orthu, mar shampla cigireachtaí saothair nó cigireachtaí oideachais, agus na comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart do na Ballstáit creat iomchuí a bhunú chun an inniúlacht sin a fheidhmiú, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta. Féadfaidh na Ballstáit fiosrúcháin a dhéanamh a chur de chúram ar chomhlacht inniúil eile, i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta. Chun dúbláil próiseas a sheachaint, ba cheart don chomhlacht inniúil sin faisnéis a sholáthar don chomhlacht comhionannais, arna iarraidh sin dó, maidir le torthaí an fhiosrúcháin nuair a bheidh an próiseas críochnaithe.
- (27) Ar bhonn na fianaise a bhailítear, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a measúnú a chur ar fáil faoin ngearán. Ba cheart do na Ballstáit cineál dlíthiúil an mheasúnaithe sin a chinneadh, is é sin, tuairim neamhcheangailteach nó cinneadh ceangailteach. Ba cheart na cúiseanna leis an measúnú a lua agus ba cheart a áireamh orthu, i gcás inarb iomchuí, bearta chun aon sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a aimsíodh a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc, agus cineál éagsúil na dtuairimí agus na gcinntí á gcur san áireamh. Chun éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit sásraí iomchuí a ghlacadh chun tuairimí a fhiosrú a thuilleadh agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.
- (28) Le feasacht a ardú faoina gcuid oibre agus faoin dlí um chomhionannas, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta ar a laghad na hachóimrí ar na tuairimí agus cinntí sin a fhoilsiú a measann siad ábharthacht ar leith a bheith ag gabháil dóibh.

- (29) Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais an ceart a bheith acu gníomhú in imeachtaí cúirte d'fhonn cur le hurraim phrionsabal na córa comhionainne a áirithiú, ar prionsabal é a leagtar síos i dTreoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE. Féadfar na himeachtaí cúirte sin a reáchtáil i gcúirteanna nó i gcomhlachtaí coibhéiseacha a láimhseálann ábhair a bhaineann le cóir chomhionann agus le hidirdhealú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta. Ní féidir dlí náisiúnta agus cleachtas náisiúnta maidir le hinghlacthacht gníomhaíochtaí, agus go háirithe aon choinníoll leasadhlisteanáigh, a chur i bhfeidhm ar bhealach a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht cheart na gcomhlachtaí comhionannais gníomhú. Leis na cumhachtaí chun fiosrúcháin agus cinntí a dhéanamh agus leis an gceart chun gníomhú in imeachtaí cúirte a thugtar do chomhlachtaí comhionannais leis an Treoir seo, éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha atá ann faoi láthair i dTreoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE maidir leis an dualgas cruthúnais agus le cosaint ceart. Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, beidh comhlachtaí comhionannais in ann fíoras a shuí óna bhféadfar a thiomhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach, agus ar an gcaoi sin, comhlíonfar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Threoir 2000/43/CE, Airteagal 10 de Threoir 2000/78/CE agus Airteagal 9 de Threoir 2004/113/CE. Dá bhrí sin, leis an tacaíocht arna soláthar ag comhlachtaí comhionannais, éascófar rochtain na n-íospartach ar cheartas. Féadfaidh comhlachtaí comhionannais na cásanna a roghnú a chinneann siad a thabhairt in imeachtaí cúirte chun cur le léiriú agus cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta um chóir chomhionann.
- (29a) Nuair atá sé de chumhacht ag comhlachtaí comhionannais cinntí ceangailteacha a dhéanamh, ba cheart go gcumhachtófaí dóibh gníomhú mar pháirtí in imeachtaí maidir le forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach na gcinntí sin. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith in ann barúlacha a chur faoi bhráid na gcúirteanna, mar shampla trína dtuairim shaineolach a chur ar fáil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.

- (29b) Is féidir leis an gceart atá ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte a bheith i bhfoirmeacha éagsúla i gcreataí dlíthiúla náisiúnta éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a roghnú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas: ag gníomhú thar ceann íospartaigh amháin nó roinnt íospartach, nó ag tacú le híospartach amháin nó le roinnt íospartach, nó imeachtaí cúirte a thionscnamh ina ainm féin.
- (30) Féadfaidh comhlachtaí comhionannais gníomhú ar son íospartach nó chun tacú le híospartaigh, ach a gcead a fháil uathu i gcás inarb infheidhme, lena mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar cheartas i gcás inar minic baic nós imeachta agus airgeadais nó ar eagla roimh íospairt ina ndíspreagadh d'íospartaigh. Agus iad ag gníomhú thar ceann íospartach amháin nó níos mó, déanann comhlachtaí comhionannais ionadaíocht ar na híospartaigh os comhair na cúirte. Agus iad ag gníomhú chun tacú le íospartach amháin nó níos mó, glacann comhlachtaí comhionannais páirt in imeachtaí cúirte, arna dtionscnamh ag na híospartaigh, chun tacú leis an éileamh.
- (31) Tá sé deacair roinnt cásanna maidir le hidirdhealú a chomhrac toisc nach bhfuil aon ghearánach ag tabhairt faoin gcás iad féin. Ina breithiúnas i gCás C-54/07 (*Feryn*)<sup>23</sup>, a thionscain comhlacht comhionannais ina ainm féin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir a shuí go ndearnadh idirdhealú fiú mura bhfuil íospartach aitheanta ann. Dá bhrí sin, chun idirdhealú ar mhaithe le leas an phobail a chomhrac, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin gur cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith in ann gníomhú ina n-ainm féin i gcásanna áirithe idirdhealaithe, mar shampla de bharr a bhflúirse nó a thromchúisí atá siad, nó de bharr an ghá atá le soiléiriú dlíthiúil, a bhféadfadh gach ceann acu a thabhairt le tuiscint gur de chineál struchtúrach nó córasach é an t-idirdhealú. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, foráil a dhéanamh go gceanglófar, i gcásanna idirdhealaithe mar sin, go mbeidh duine nó eintiteas sainaitheanta mar fhreagróir.

(32)

(33)

---

<sup>23</sup> Breithiúnas an 10 Iúil 2008 in *Feryn* (C-54/07, ECLI:EU:C:2008:397).

- (34) Lena áirithiú go n-urramófar cearta an duine aonair, ba cheart do na Ballstáit coimircí nós imeachta iomchuí a chur leis na cumhachtaí a bheidh ag na comhlachtaí comhionannais, lena n-áiritheofar go ndéanfar príomhphrionsabail, mar shampla an ceart chun cosanta agus an ceart chun athbhreithniú breithiúnach ar chinntí ceangailteacha a chosaint go hiomchuí. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, rúndacht a thabhairt d'fhinnéithe agus do sceithirí mar bhealach tábhachtach chun tuairisciú cásanna idirdhealaithe a spreagadh.
- (35) Leis na forálacha maidir le ceart na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú in imeachtaí cúirte, ní athraítear cearta íospartach agus comhlachas, eagraíochtaí nó eintiteas dlíthiúil eile a fhorghníomhaíonn cearta íospartach, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, a bhfuil leas dlisteanach acu lena áirithiú go gcomhlíontar Treoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE, mar a leagtar síos sna Treoracha sin, lena n-áirítear nuair a bhí siad ag gabháil d'aon nósanna imeachta breithiúnacha agus/nó riaracháin.
- (36) Braitheann éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais freisin ar rochtain iomlán ar a gcuid seirbhísí a thabhairt do ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe. I suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha<sup>24</sup>, thuairiscigh 71 % de bhail grúpaí mionlaigh eitneacha nó inimirceacha nach raibh eolas acu faoi aon eagraíocht a thairgeann tacaíocht nó comhairle d'íospartaigh an idirdhealaithe. Príomhchéim chun tacú leis an rochtain sin is ea na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a gcearta ar eolas ag daoine agus go bhfuil siad ar an eolas faoi na cearta agus na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí comhionannais. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin le haghaidh grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus le haghaidh grúpaí a bhféadfaí bac a chur ar a rochtain ar an bhfaisnéis sin, mar shampla mar gheall ar a stádas eacnamaíoch neamhchinnte, a n-aois, míchumas, litearthacht, náisiúntacht nó stádas cónaithe, nó easpa rochtana ar uirlisí ar líne.

---

<sup>24</sup> Suirbhé EU-MIDIS II FRA.

- (37) Ba cheart rochtain ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais a ráthú do chách. Chun na críche sin, ba cheart bacainní féideartha ar rochtain ar sheirbhísí comhlachtaí comhionannais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart do sheirbhísí a bheith saor in aisce do ghearánaigh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin, gan dochar do neamhspleáchas na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, go mbeidh seirbhísí na gcomhlachtaí comhionannais ar fáil do gach íospartach féideartha ar fud a gcríche, mar shampla trí oifigí áitiúla, lena n-áirítear oifigí móibíleacha a bhunú, trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide, trí fheachtais áitiúla a eagrú, trí chomhar le toscairí áitiúla nó le heagraíochtaí na sochaí sibhialta nó trí sholáthraithe seirbhíse ar conradh.
- (38) Chun rochtain ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí uile na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas, is gá inrochtaineacht a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE)2019/882<sup>25</sup> agus chun cóiríocht réasúnach a áirithiú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a glacadh an 13 Nollaig 2006. Dá bhrí sin, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach<sup>26</sup> a áirithiú trí na bacainní a chosc agus a bhaint, bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhaisnéis na gcomhlachtaí comhionannais, agus trí chóiríocht réasúnach a sholáthar, agus an mionathrú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí á ndéanamh nuair is gá i gcás ar leith.

---

<sup>25</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais infhaighteachta do tháirgí agus do sheirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lch. 70–115.

<sup>26</sup> Féach Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1-15) agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi.

- (39) Tá sé ríthábhachtach don fhoghlaim fhrithpháirteach, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht go gcuirfí ar a gcumas do chomhlachtaí comhionannais comhordú agus comhoibriú a dhéanamh go rialta ar leibhéal éagsúla ar bhonn fadtéarmach, agus d'fhéadfadh sé for-rochtain agus tionchar a gcuid oibre a leathnú. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna agus le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus idirnáisiúnta, mar shampla gréasáin de chomhlachtaí comhionannais ar leibhéal an Aontais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, údaráis cosanta sonraí, na comhpháirtithe sóisialta, cigireachtaí saothair agus oideachais, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cearta an duine a chosaint, oifigí náisiúnta staidreamh, údaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh, comhlachtaí tomhaltóirí, agus sásraí náisiúnta neamhspleácha chun UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh air.
- (40) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a imirt mar shaineolaithe ar chóir chomhionann mura dtéitear i gcomhairle leo sách luath le linn an phróisis ceaptha beartais maidir le cúrsaí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta a bhunú chun comhairliúchán a áirithiú ar bhealach tráthúil agus ba cheart dóibh cead a thabhairt freisin do chomhlachtaí comhionannais, i gcás ina measann na comhlachtaí comhionannais gur gá sin, moltaí a dhéanamh agus iad a fhoilsiú in am chun go gcuirfear san áireamh iad.

- (41) Tá sonraí comhionannais ríthábhachtach chun feasacht a mhúscailt, daoine a íoghrú, idirdhealú a chainníochtú, treochtaí in imeacht ama a léiriú, a chruthú go bhfuil idirdhealú ann, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um chomhionannas, a léiriú go bhfuil gá le gníomhaíocht dhearfach, agus cur le ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise<sup>27</sup>. Féadfaidh na comhlachtaí comhionannais rannchuidiú leis na sonraí comhionannais a fhorbairt chun na gcríoch sin, mar shampla trí chruinnithe comhchéime a eagrú agus na heintitis ábhartha go léir a chruinniú le chéile. Ba cheart do na comhlachtaí comhionannais freisin sonraí maidir lena ngníomhaíochtaí féin a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu nó suirbhéanna a dhéanamh agus ba cheart dóibh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bheith in ann rochtain a fháil ar staitisticí agus í a úsáid, a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE. Ba cheart sonraí pearsanta a bhailiú an comhlacht comhionannais a anaithnidiú nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, ainm bréige a chur orthu.
- (41a) Ba cheart do na comhlachtaí comhionannais clár oibre a ghlacadh lena leagfaí amach a dtosaíochtaí agus a ngníomhaíochtaí ionchasacha, rud a chuirfeadh ar a gcumas comhleanúnachas a gcuid sraitheanna éagsúla oibre le himeacht ama a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sistémacha maidir le hidirdhealú a thagann faoina sainordú mar chuid de phlean gníomhaíochta fadtéarmach.
- (42) Chomh maith le tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais tuarascáil a fhoilsiú go tráthrialta ina mbeadh measúnú foriomlán ar an staid maidir le hidirdhealú a thagann faoina sainordú sna Ballstáit, mar aon le tuarascálacha eile a bhaineann le hidirdhealú.

---

<sup>27</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach ('an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch) agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ('an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta') COM (2021) 139 final.

- (43)
- (44) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chur chun feidhme de bhun Airteagal 16(2) a mhéid a bhaineann le feidhmiú comhlachtaí comhionannais faoin Treoir seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun liosta táscairí ábhartha a bhunú ar cheart sonraí a bhailiú ar a bhonn. Níor cheart na táscairí sin a bheith ann chun rangú a dhéanamh ná chun moltaí sonracha a eisiúint atá dírithe ar Bhallstáit aonair.
- (44a) Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup>.
- (45) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, sa chaoi is go dtugtar an rogha do na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil. Níor cheart cur chun feidhme na Treorach seo údar a thabhairt le haon chúlchémniú i ndáil leis an staid atá ann cheana i ngach Ballstát.
- (45a) Ba cheart aon phróiseáil a dhéanann comhlachtaí comhionannais ar shonraí pearsanta faoin Treoir seo a bheith i gcomhréir go hiomlán le Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cúraimí comhlachtaí comhionannais a leagan síos go soiléir faoin dlí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2016/679, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6 (2) agus (3) den Rialachán sin. Níor cheart do chomhlachtaí comhionannais sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin a mhéid is gá chun a gcúraimí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, arb é is aidhm di na cearta bunúsacha agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE a fhorfheidhmiú. Ba cheart daoine aonair a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil a chur ar an eolas faoina gcearta mar ábhair sonraí, lena n-áirítear na leigheasanna atá ar fáil dóibh ar an leibhéal náisiúnta.

---

<sup>28</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (45b) I gcás inar gá catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun **na** cúraimí comhlachtaí comhionannais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go n-urramaítear leis an dlí náisiúnta inneachar an chirt chun cosaint sonraí agus go ndéantar foráil ann maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal 9(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart a áireamh ar choimircí den sórt sin, mar shampla, beartais agus bearta inmheánacha chun íoslaghdú sonraí a áirithiú, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a anaithnidiú, nuair is féidir; ainm bréige agus criptiú a chur i bhfeidhm ar shonraí pearsanta; chun rochtain agus tarchur neamhúdraithe sonraí pearsanta a chosc; agus a áirithiú nach bpróiseálfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na gcríoch dá bpróiseáiltear iad.
- (46) Déantar forbairt leis an Treoir seo ar na rialacha a leagtar síos i dTreoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE trí chaighdeáin neartaithe a thabhairt isteach maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha roimhe seo maidir le comhlachtaí comhionannais in Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus in Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE a scriosadh.
- (47) Tá sé d'aidhm ag an Treoir seo feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú de réir na n-íoschaighdeán, d'fhonn a n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú, **chun** cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne a neartú. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach sin a ghnóthú go leordhóthanach agus gur cheart, dá bhrí sin, é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo, treoir nach socraítear léi ach íoschaighdeáin, thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (48)
- (49)
- (50) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 2 Feabhra 2023.

### *Airteagal 1*

#### **Cuspóir, ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE a neartú.
2. Leis na hoibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus le cúraimí na gcomhlachtaí comhionannais faoin Treoir seo, cumhdófar na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE.

### *Airteagal 2*

#### **Ainmniú comhlachtaí comhionannais**

1. Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó (dá ngairfear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta) chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú.
2. Tá an treoir seo gan dochar d’inniúlachtaí cigireachtaí saothair nó comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile, chomh maith leis na comhpháirtithe sóisialta.

### *Airteagal 3*

#### **Neamhspleáchas**

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú go mbeidh na comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus saor ó thionchar seachtrach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu agus a n-inniúlachtaí á bhfeidhmiú acu, go háirithe a mhéid a bhaineann lena struchtúr inmheánach, lena gcuntasacht, lena soláthar foirne, lena gcúrsaí eagraíochtúla agus le bainistiú a n-acmhainní airgeadais.
2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le nósanna imeachta trédhearcacha a bhaineann le roghnú, ceapadh, cúlghairm agus coinbhleacht leasa fhéideartha fhoireann na gcomhlachtaí comhionannais a bhfuil post cinnteoireachta nó bainistíochta acu agus, i gcás inarb infheidhme, comhaltaí den bhord rialuithe, d’fhonn a n-inniúlacht agus a neamhspleáchas a ráthú.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlachtaí comhionannais struchtúr inmheánach a bhunú lena ráthaítear feidhmiú neamhspleách, neamhchlaonta a gcuid inniúlachtaí.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go rathóidh struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí il-sainorduithe feidhmiú éifeachtach an tsainordaithe comhionannais.

#### *Airteagal 4*

#### **Acmhainní**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena bpróisis bhuiséideacha náisiúnta, go soláthrófar do gach comhlacht comhionannais na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais is gá lena chúraimí a chomhlíonadh agus a inniúlachtaí a fheidhmiú go héifeachtach, ar na forais agus sna réimsí a chumhdaítear faoi Threoracha 79/7/CCE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE, lena n-áirítear i gcás gur cuid de chomhlacht il-sainorduithe na comhlachtaí comhionannais.

2.

#### *Airteagal 5*

#### **Cosc, cur chun cinn agus múscailt feasachta**

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, mar shampla straitéisí, chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne, ar fud a gcríche, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, maidir leis na cearta faoi Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE agus maidir le comhlachtaí comhionannais agus a gcuid seirbhísí a bheith ann.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais gníomhaíochtaí a dhéanamh chun idirdhealú a chosc agus cóir chomhionann a chur chun cinn.
3. Cuirfidh na Ballstáit agus comhlachtaí comhionannais san áireamh na huirlisí agus formáidí cumarsáide iomchuí le haghaidh gach spriocghrúpa. Díreoidh siad go háirithe ar ghrúpaí a bhféadfaí bac a chur ar a rochtain ar fhaisnéis, mar shampla, mar gheall ar a stádas eacnamaíoch neamhchinnte, aois, míchumas, litearthacht, náisiúntacht, nó stádas cónaithe nó easpa rochtana ar uirlisí ar líne.

## *Airteagal 6*

### **Cúnamh le haghaidh íospartach**

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na comhlachtaí comhionannais ábalta cúnamh a thabhairt le haghaidh daoine a líomhnaítear gur íospartaigh iad mar a leagtar amach i míreanna 2 go 4.
2. Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta gearáin maidir le hidirdhealú a fháil, ó bhéal.
3. Soláthróidh comhlachtaí comhionannais cúnamh le haghaidh daoine a líomhnaítear gur íospartaigh iad, ar dtús trí iad a chur ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear comhairle atá dírithe ar a gcás sonrach, faoi na seirbhísí a sholáthraíonn an comhlacht comhionannais agus faoi ghnéithe nós imeachta gaolmhara, chomh maith leis na leigheasanna atá ar fáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht cás a leanúint sa chúirt.

Cuirfidh comhlachtaí comhionannais daoine a líomhnaítear gur íospartaigh iad ar an eolas freisin faoi na rialacha rúndachta is infheidhme, faoi chosaint sonraí pearsanta agus faoi na deiseanna tacaíocht shíceolaíoch nó tacaíocht ábhartha eile a fháil ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí eile.

4. Cuirfidh na comhlachtaí comhionannais in iúl do na gearánaigh, laistigh de thréimhse réasúnta, an bhfuiltear chun an gearán a dhúnadh nó an mbeidh forais ann le leanúint leis a thuilleadh.

## *Airteagal 7*

### **Réiteach malartach díospóide**

Beidh comhlachtaí comhionannais ábalta deis a thabhairt do na páirtithe réiteach malartach a lorg ar a ndíospóid. Féadfaidh an comhlacht comhionannais féin nó eintiteas inniúil eile a bheith i gceannas ar an bpróiseas sin i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta, agus sa chás sin féadfaidh an comhlacht comhionannais barúlacha a thabhairt don eintiteas sin. Má thagann deireadh leis an bpróiseas sin gan réiteach, ní chuirfidh sé sin bac ar an gceart chun gníomhú sa chúirt.

## *Airteagal 8*

### **Fiosrúcháin**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais fiosrúcháin a dhéanamh, féachaint ar tharla sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoracha 79/7/CEE 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE.
2. Soláthróidh na Ballstáit creat chun fiosrúcháin a dhéanamh lena gcuirtear ar chumas comhlachtaí comhionannais dul ag cuardach faisnéise. Go sonrach, soláthróidh an creat sin cearta éifeachtacha do chomhlachtaí comhionannais chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus doiciméid is gá lena dhearbhu ar tharla idirdhealú. Déanfar foráil ann freisin maidir le sásraí cuí chun go gcomhoibreoidh comhlachtaí comhionannais le comhlachtaí poiblí ábhartha chun na críche sin.
- 3.
4. Féadfaidh na Ballstáit na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur de chúram ar chomhlacht inniúil eile freisin, i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta. Nuair a bheidh a fhiosrúcháin curtha i gcrích ag comhlacht inniúil eile mar sin, soláthróidh sé faisnéis don chomhlacht comhionannais, arna iarraidh sin dó, maidir le torthaí na bhfiosrúchán sin.

## *Airteagal 8a*

### **Tuairimí agus cinntí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na comhlachtaí comhionannais a measúnú ar an gcás a dhoiciméadú, lena n-áirítear teacht ar na firicí agus conclúid réasúnaithe a thabhairt maidir le hidirdhealú a bheith ann. Cinnfidh na Ballstáit cé acu a dhéanfar é sin trí bhíthin tuairimí neamhcheangailteacha nó cinntí ceangailteacha.
2. Nuair is iomchuí, áireofar ar thuairimí neamhcheangailteacha agus ar chinntí ceangailteacha araon bearta sonracha chun aon sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a aimsíodh a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun tuairimí neamhcheangailteacha a fhiosrú, mar shampla oibleagáidí aiseolais, agus chun cinntí ceangailteacha a fhorfheidhmiú.

3. Foilseoidh na comhlachtaí comhionannais, ar a laghad, na hachóimrí ar na tuairimí agus cinntí sin a measann siad ábharthacht ar leith a bheith ag gabháil dóibh.

### *Airteagal 9*

#### **Dlíthíocht**

1. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte in ábhair dlí riaracháin agus dlí shibhialta a bhaineann le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5, i gcomhréir leis an dlí agus an cleachtas náisiúnta maidir le hinghlacthacht gníomhaíochtaí, lena n-áirítear aon rialacha maidir le formheas an íospartaigh líomhnaithe a cheangal.
2. Áireofar i gceart an chomhlachta comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte an ceart barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.
  - (a)
  - (b)
  - (c)
- 2a. Áireofar ceann amháin ar a laghad den mhéid seo a leanas le ceart an chomhlachta comhionannais chun gníomhú in imeachtaí cúirte:
  - (a) an ceart chun imeachtaí a thionscnamh thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach;
  - (b) an ceart chun páirt a ghlacadh in imeachtaí chun tacú le híospartach amháin nó roinnt íospartach; nó,
  - (c) an ceart chun imeachtaí cúirte a thionscnamh ina ainm féin, chun leas an phobail a chosaint.
- 2b. Áireofar i gceart an chomhlachta comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte an ceart chun gníomhú mar pháirtí in imeachtaí maidir le forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach ar chinntí ceangailteacha, i gcás ina bhfuil sé de chumhacht ag comhlachtaí comhionannais cinntí den sórt sin a dhéanamh de bhun Airteagal 8a.

- 3.
- 4.
5. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach dtionscnófar aon fhiosrúcháin de bhun Airteagal 8(2) agus Airteagal 8a nó nach leanfar leo fad a bheidh imeachtaí cúirte maidir leis an gcás céanna ar feitheamh.

#### *Airteagal 10*

### **Coimircí nós imeachta**

Áiritheoidh na Ballstáit, sna nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8, 8a agus 9, go gcosnófar cearta cosanta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann. Beidh na cinntí ceangailteacha dá dtagraítear in Airteagal 8a faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

#### *Airteagal 11*

### **Rochtain chomhionann**

1. Ráthóidh na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais do chách.
  - 1a. Ráthóidh na comhlachtaí comhionannais nach mbeidh aon bhac ar ghearáin a chur isteach, mar shampla trí bheith in ann gearáin a fháil ó bhéal, i scríbhinn agus ar líne.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na comhlachtaí comhionannais a gcuid seirbhísí saor in aisce do ghearánaigh ar fud a gcríche, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i limistéir iargúlta.

#### *Airteagal 11a*

### **Inrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas**

Áiritheoidh na Ballstáit inrochtaineacht agus soláthróidh siad cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí uile na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú, lena n-áirítear cúnamh le haghaidh íospartach, láimhseáil gearán, sásraí le haghaidh réitigh mhalartacha díospóidí, faisnéis agus foilseacháin, chomh maith le gníomhaíochtaí um chosc, um chur chun cinn agus um múscailt feasachta.

## *Airteagal 12*

### **Comhar**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear lucht cigireachtaí saothair, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus i mBallstáit eile agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## *Airteagal 13*

### **Comhairliúchán**

Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go rachaidh an rialtas agus údarais phoiblí ábhartha i gcomhairle le comhlachtaí comhionannais maidir le reachtaíocht, beartas, nós imeachta agus cláir agus a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh maidir leis na cúrsaí sin, iad a fhoilsiú agus obair leantach maidir lena moltaí a iarraidh.

## *Airteagal 14*

### **Bailiú sonraí agus rochtain ar shonraí comhionannais**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileoidh na comhlachtaí comhionannais sonraí maidir lena ngníomhaíochtaí, chun na tuarascálacha dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 15 a sholáthar.
2. Déanfar na sonraí a bhaileofar a dhí-chomhiomlánú de réir na bhforas agus na réimsí a chumhdaítear faoi Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE, agus i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 16. Déanfar na sonraí pearsanta a bhailítear a anaithnidiú nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear faoi ainm bréige iad.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag comhlachtaí comhionannais ar staidreamh a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás ina measann siad gur gá staidreamh den sórt sin chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an staid maidir le hidirdhealú sa Bhallstát, agus chun na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe (c) a dhréachtú.
4. Ceadóidh na Ballstáit do chomhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh maidir leis na sonraí a bhaileofar i ndáil leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE, d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha lena n-áirítear údarais phoiblí, na comhpháirtithe sóisialta, cuideachtaí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú freisin do chomhlachtaí comhionannais ról comhordaithe a imirt i mbailiú sonraí comhionannais.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú.

#### *Airteagal 15*

#### **Tuarascálacha agus pleanáil straitéiseach**

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na comhlachtaí comhionannais an méid seo a leanas:

- (a) clár oibre a ghlacadh ina leagfar amach a dtosaíochtaí agus a ngníomhaíochtaí ionchasacha.
- (b) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a sholáthar agus a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear a mbuiséad bliantúil, a soláthar foirne agus a dtuairisciú airgeadais.
- (c) tuarascáil amháin nó níos mó a fhoilsiú, ina mbeidh moltaí, ar a laghad gach ceithre bliana, maidir le staid na córa comhionainne agus an idirdhealaithe, lena n-áirítear saincheisteanna struchtúracha féideartha, ina mBallstát.

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Faoi [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, liosta comhtháscairí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoin Treoir seo. Agus na táscairí á n-ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún comhairle a lorg ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus ó líonraí comhlachtaí comhionannais ar leibhéal an Aontais. Cumhdófar sna táscairí acmhainní, feidhmiú neamhspleách, agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le forbairtí ar a sainordú, ar a gcumhachtaí nó ar a struchtúr, lena n-áiríteofar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhaileofar ar an leibhéal náisiúnta. Ní úsáidfear na táscairí chun rangú a dhéanamh ná chun moltaí sonracha a eisiúint do Bhallstáit aonair.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2).

2. Faoi [7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. Áireofar san fhaisnéis sin ar a laghad sonraí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais agus cuirfear san áireamh inti na tuarascálacha arna dtarraingt suas ag na comhlachtaí comhionannais faoi Airteagal 15, pointí (b) agus (c).
3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo a dhréachtú, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus ar shonraí breise ábhartha arna mbailiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó líonraí na gcomhlachtaí comhionannais ar leibhéal an Aontais agus ó pháirtithe leasmhara eile, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

### *Airteagal 17*

#### **Íoscheanglais**

1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha atá níos fabhraí ná na híoscheanglais a leagtar síos sa Treoir seo a thabhairt isteach nó a choinneáil.
2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo i gcás ar bith ina fhoras chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta ar idirdhealú a thugann na Ballstáit cheana féin sna cúrsaí a chumhdaítear faoi na Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE.

### *Airteagal 18*

#### **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfaidh na comhlachtaí comhionannais sonraí pearsanta a bhailiú ná a phróiseáil ach amháin i gcás inar gá chun cúram a chur i gcrích faoin Treoir seo.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanann comhlachtaí comhionannais próiseáil ar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679, go soláthrófar bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a chosaint.

### *Airteagal 18a*

#### **Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## *Airteagal 19*

### **Airteagail a scriosadh i dTreoir 2000/43/CE agus i dTreoir 2004/113/CE**

Scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE. Déanfar tagairtí do na comhlachtaí chun cóir chomhionann a chur chun cinn dá dtagraítear sna hAirteagail sin a fhorléiriú mar thagairtí do na comhlachtaí comhionannais dá dtagraítear in Airteagal 2 den Treoir seo.

## *Airteagal 20*

### **Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

## *Airteagal 21*

### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 19 ón [dáta dá dtagraítear in Airteagal 20(1)].

*Airteagal 22*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---